# RANG 2: AN CHOPAIL 'IS'

**2.1 Tusa an t-eagarthóir**
**Aidhm**
Súil ar roinnt míthuiscintí coitianta a bhaineann le húsáid na copaile.

**Treoracha**

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí a gcuid ceartúchán a dhéanamh.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na habairtí. Ceartaigh mar is gá iad.

**Freagraí**
1. Ní ~~hamadán~~ ar bith í Sarah.
'Ní amadán' ba cheart a bheith ann. Ní chuireann foirm dhiúltach na copaile réamhlitir *h* le hainmfhocail: *Ní Éireannach atá ann; Ní oibrí díograiseach í; Ní amhrán nua é sin*.

2. Ní ~~chainteoir~~ rómhaith mé, is cosúil.
'Ní cainteoir' ba cheart a bheith ann. Ní chuireann foirm dhiúltach na copaile séimhiú ar ainmfhocal: *Ní bréag ar bith é; Ní fiú deich euro é*.

3. Is ceist chonspóideach agus fadhb leanúnach ~~í~~ an seicteachas.
Is é ba cheart a bheith ann: 'Is ceist chonspóideach agus fadhb leanúnach é an seicteachas.' Mar a dúradh i Rang 1, ní gá an forainm a lua san abairt aicme. Má tá tú chun é lua, cuimhnigh gur *leis an ainmní* a bhaineann sé. Is ainmfhocail bhaininscneacha iad 'ceist' agus 'fadhb' ach is cuid den fhaisnéis iad sin. Is ainmfhocal firinscneach atá san ainmní, 'seicteachas.'

4. Is réiteach simplí éifeachtach ~~é~~ an chumarsáid.
Is ainmfhocal baininscneach atá san ainmní, 'cumarsáid'. Dá bhrí sin, is forainm baininscneach a theastaíonn: 'í an chumarsáid.'

5. Ní ~~hiad~~ ceoltóirí gairmiúla iad.
Ainmfhocal éiginnte is ea 'ceoltóirí'. Dá bhrí sin, ní ceart an forainm a chur roimhe. Ní déarfá 'Is é teach é' ná 'Is í múinteoir í'.

**2.2 Rogha eile**
**Aidhm**
Míniú agus cleachtadh ar an struchtúr copaile 'is ea'.

**Treoracha**

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí na habairtí a athscríobh.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na habairtí. Ceartaigh mar is gá iad.

**Freagraí**
1. Tionscadal uaillmhianach is ea é, nuair a chuirtear gach uile rud san áireamh.
2. Buille trom do pháirtithe an Rialtais is ea toradh an fhothoghcháin.
3. Léiriú eile ar chumas na foirne is ea an bua éasca a fuair siad ar Ard Mhacha.
4. Ceist chasta is ea í nach bhfuil aon réiteach simplí uirthi.
5. Dea-scéal d'earnáil na turasóireachta is ea an laghdú seo ar cháin bhreisluacha.

**2.3 An abairt ionannais**
**Aidhm**
Léargas ar an abairt ionannais mar aon le samplaí. Na foghlaimeoirí a chur i ngleic leis na difríochtaí idir an abairt aicme agus an abairt ionannais.

**Treoracha**

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí na rialacha a mhíniú.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na rialacha.

**Freagraí**
1. San abairt aicme, bíonn an fhaisnéis roimh an ainmní.
*San abairt ionannais, bíonn an fhaisnéis i ndiaidh an ainmní.*

2. San abairt aicme, bíonn an fhaisnéis éiginnte agus bíonn an t-ainmní cinnte.
*San abairt ionannais, bíonn an fhaisnéis agus an t-ainmní araon cinnte.*

3. San abairt aicme, ní gá forainm a chur leis an ainmní.
*San abairt ionannais, bíonn an forainm leis an ainmní i gcónaí.*

**2.4 Bain triail as**
**Aidhm**
Cleachtadh faoi stiúir ar abairtí ionannais a scríobh.

**Treoracha**

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí na habairtí a scríobh.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na habairtí. Ceartaigh mar is gá iad.

**Freagraí samplacha**

1. Is í an pheil Ghaelach an spórt is mó a imríonn daoine sa cheantar.

2. Is iad an Fhraincis agus an Béarla an dá theanga oifigiúla i gCeanada.

3. Is é Stephen Spielberg stiúrthóir an scannáin *Schindler's List*.

4. Is é Sliabh Everest an sliabh is airde ar domhan.

5. Is é Google an t-inneall cuardaigh a úsáidim féin.

6. Is é Raidió na Gaeltachta an tseirbhís náisiúnta raidió do phobal na Gaeilge.

7. Is iad oileáin Árann na hoileáin is mó amach ó chósta na Gaillimhe.*

8. Is í an léitheoireacht an caitheamh aimsire is fearr liom.

9. Is iad comórtais an Oireachtais buaicphointe na bliana.*

10. Is í Kamala Harris Leas-Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tabhair faoi deara go bhfuil ‘oileáin Árann’ agus ‘comórtais an Oireachtais’ cinnte cheana féin. Dá bhrí sin, ní ceart an t-alt a chur leo.